LOCH GARMAN GNÍOMHACH TRÍ SPÓRT

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024




LOCH GARMAN GNÍOMHACH TRÍ SPÓIRT
SPORTS ACTIVE WEXFORD
SPÓRT ÉIREANN


STOP
QUADRIX

# FÁILTE CHUIG ÁR dTUARASCÁIL BHLIANTÚIL DON BHLIAIN 2024.

Ní féidir leis an tuarascáil seo ach léargas a thabhairt ar obair na foirne chun tacú lenár gcomhpháirtithe a gcuid uaillmhianta maidir le spórt agus aclaíocht a bhaint amach.

Trí mhaoiniú suntasach ó Spórt Éireann (bunmhaoiniú, cuntais dhíomhaoine, Ciste Sóisialta na hEorpa), FSS, an Roinn Sláinte, Loch Garman Sláintiúil agus Comhairle Contae Loch Garman, thacaíomar le hinfheistíocht de €741,312.00 in eagraíochtaí pobail a chuireann spóirt, aclaíocht, agus níos mó lena chois sin ar fáil.

Is é ár gcuspóir foriomlán ná leanúint leis an méadú ar leibhéil rannpháirtíochta in aclaíocht i measc mhuintir uile Loch Garman, beag beann ar aois, inscne nó an cumas atá iontu. Chomh maith le bheith ag cur le sláinte an daonra, creidimid, tríd an aidhm atá againn a bhaint amach, go mbeifear in ann tionchar eacnamaíoch a imirt agus caipiteal sóisialta a chruthú.

Leanamar de chomhshaothair ilghníomhaireachta a fhorbairt lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha agus ár gcuid oibre a nascadh le saincheisteanna níos leithne sa tsochaí, go háirithe nuair is féidir ról tábhachtach a bheith ag spóirt agus aclaíocht.

In 2025,beidh ról straitéiseach tábhachtach againn i bhforbairt an Phlean Áitiúil Spóirt agus an Phlean Áineasa Lasmuigh.

Bhí deis againn ár n-acmhainní foirne a leathnú tríd an gCiste Sóisialta Eorpach i bhfoirm Oifigeach Ionchuimsithe Sóisialta agus leanamar den Chlár Píolótach maidir leis an Oifigeach Náisiúnta um Ghníomhaíocht Choirp ar son na Sláinte. Chuireamar leis an mbainistiú straitéiseach a dhéanaimid ar an gcomhpháirtíocht trí bhainisteoir cláir a cheapadh.

Roghnaíodh ár dTionscadal Nuálaíochta i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Walton (Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt) do Chomhdháil Eorpach ENOS san Iodáil, áit a ndearna Institiúid Walton ionadaíocht ar Loch Garman Gníomhach trí Spórt, agus bronnadh gradam na mBailte Digiteacha Náisiúnta sa chatagóir Pobail ar an tionscadal in 2024.

I mí an Mhárta 2024, bhí Clár na nGníomhachtóirí le feiceáil ar TV AM, agus chuir baill foirne ár gcuid oibre chun cinn freisin ar raidió áitiúil agus ar Phodchraoltaí de chuid Chomhairle Contae Loch Garman.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le coiste stiúrtha Loch Garman Gníomhach trí Spórt as a dúthracht den scoth i leith ár bhforbartha a choinneáil ar bun.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil lenár bhfoireann ardspreagtha as a dtiomantas leanúnach agus a nuálaíocht i réimse na gníomhaíochta coirp agus an tsláinte.

# CÉ MUID FÉIN

Táimid ag cothú comhoibriú inbhuanaithe chun pobail a chumhachtú, ionchuimsiú a chumasú, agus tacaíocht a thabhairt i dtaca le deiseanna spóirt i bpríomhphobail an chontae.
Táimid ag laghdú éagothromaíochtaí i rochtain ar ghníomhaíocht choirp i measc na ndaoine is mó a bhíonn faoi mhíbhuntáiste.
Bainimid úsáid as léargas agus foghlaim mhachnamhach i ngach a ndéanaimid féin agus i ngach a ndéanann daoine eile, agus glacaimid meon bunaithe ar 'an méid a oibríonn' chun a chinntiú go bhfuilimid ag freagairt do riachtanais sa chontae s'againne.

# ÁR gCOISTE STIÚRTHÓIREACHTA

Cuimsíonn Coiste Stiúrtha Loch Garman Gníomhach Trí Spórt ionadaithe ó na gníomhaireachtaí sin a mheastar a bheith mar phríomhthionchairí i rannpháirtíocht agus forbairt spóirt áitiúil, lena n-áirítear an tÚdarás Áitiúil agus grúpaí Pobail sa Chontae. Labhraíonn an Coiste Stiúrtha ar son na ngníomhaireachtaí agus na ngrúpaí áitiúla ábhartha agus déantar tosaíochtaí an Choiste a chinneadh i gcomhairle lena chomhaltaí comhpháirteacha.
Leagann an Coiste Stiúrtha amach tosaíochtaí straitéiseacha freisin i dtaca le saothar na Comhpháirtíochta Spóirt.

Tá Loch Garman Gníomhach Trí Spórt comhlíontach leis an gcód Rialachais don Spórt mar eagraíocht de Chineál B.

| AINM | RÓL | IONADAÍOCHT DO: |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Garry Laffan | Cathaoirleach | Comhairle Contae Loch Garman |
| An tUasal Trevor Jacob | Leas-Chathaoirleach | Míchumas (Inrochtaineacht) |
| An tUasal Colin Gibbon | Comhalta | Ionad Oideachais agus Oiliúna Lasmuigh BOO Phort Láirge agus Loch Garman |
| Marie Louise Byrne Uasal | Comhalta | Forbairt Áitiúil Loch Garman |
| Paula Lowney Uasal | Comhalta | Sláinte agus Folláine FSS |
| Dymphna Ní Chonchúir Uasal | Comhalta | SEO Comhairle Contae Loch Garman |
| An Dr Cíara Losty | Comhalta | Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt |
| Helen Ambrose Uasal | Comhalta | Seirbhísí Meabhairshláinte Loch Garman |
| Hayley Rochford Uasal | Comhalta | Seirbhísí Óige (FDYS) |
| Marion Breen Uasal | Comhalta | LRP Loch Garman |
| Maria Mulcahy Uasal | Comhalta | LRP Loch Garman |

# ÁR bhFOIREANN



**FRAN RONAN**
Ceannaire na Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt



**MARY FLYNN**
Bainisteoir an Chláir Spóirt



**ANNA FLYNN**
Oifigeach Nuálaíochta Sóisialta i Spóirt ESF+



**NICOLA COLLINS**
Oifigeach Forbartha Spóirt Pobail



**BEN HUNT**
An tOifigeach um Ghníomhaíocht Choirp ar son na Sláinte



**MARY T KEHOE**
Riarthóir



**BRIDGET KENNY**
Oifigeach Cumarsáide

Fostaímid 10 dteagascóir chun cláir éagsúla a sheachadadh.

Oibríonn Loch Garman Gníomhach Trí Spórt i gcomhar lena 16 chomhpháirtíocht phobail agus spóirt idirghníomhaireachta (lena n-áirítear comhpháirtíocht Chomhairle Contae Loch Garman le CLG Loch Garman, Rugbaí Laighean, Cumann Peile na hÉireann agus Cruicéad Laighean)

**BA MHAITH LINN BUÍOCHAS A GHABHÁIL LE GACH DUINE ACU AS AN TACAÍOCHT LEANÚNACH A THUGANN SIAD DÚINN.**

# MAOINIÚ

| Bundheontas Spórt Éireann | Bunmhaoiniú d'Oibríochtaí na Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt |
|---|---|
| €408,892 | |
| €10,847 | Táillí Cúrsaí |
| **Deontais arna mBronnadh ar Loch Garman Gníomhach Trí Spórt** | |
| **Maoiniú na gCuntas Díomhaoin 2024** | |
| €47,500 | Mol Spóirt an Phobail (Ros Mhic Thriúin) |
| €10,000 | Her Moves - Cailíní a Chur ag Bogadh |
| €15,000 | Tacaíochtaí Deonacha |
| €15,100 | SIDP (Rothair Uile-Chumais) |
| €8,500 | Comhionannas, Éagsúlacht & Ionchuimsiú |
| €15,000 | Oiliúint agus Oideachas |
| **FSS** | |
| €7,650 | Cláir Míchumais agus Ionchuimsitheachta (réigiúnach) |
| €20,000 | Maoiniú tosaigh d'Oifigeach um Ghníomhaíocht Choirp ar son na Sláinte (Náisiúnta) |
| **Deontais Dhíreacha Bhreise** | |
| €60,833 | An tOifigeach um Ghníomhaíocht Choirp ar son na Sláinte |
| €500 | Aostacht agus Deiseanna |
| €6,375 | Mná sa Spórt |
| €2500 | Feachtas Her Outdoors |
| €29,000 | Deontais Chomhairle Contae Loch Garman |
| €500 | Éire Shláintiúil (Spórt Éireann) |
| €14000 | Oifigeach Ionchuimsithe Chiste Sóisialta na hEorpa |
| €600 | An Roinn Talmhaíochta |
| €657,000 | **Maoiniú Iomlán Arna Bhronnadh ar Loch Garman Gníomhach Trí Spórt** |

# RÉIMSÍ CAITEACHAIS

| | |
|---|---|
| Tuarastail & Costais | €269,677.47 |
| Íocaíochtaí Ginearálta | €2,115.06 |
| Brandáil | €6,956.18 |
| Cosaint (1 & 2) | €4,165.38 |
| Cláir do Dhaoine Scothaosta | €1,393.04 |
| Costais Íocaíochta Táille | €782.17 |
| Spraoi faoin nGrian (an Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt) | €8,850.27 |
| Míchumas (an Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt) | €1,511.38 |
| Mná sa Spórt | €3,022.50 |
| Scéim Cur Chun Cinn na hAclaíochta | €15,200.00 |
| Maoiniú FSS | €7,160.42 |
| Deontas do Seaimpíní Spóirt | €11,200.00 |
| Rith Páirce | €35.67 |
| Cumarsáid | €415.48 |
| Mararthon Kids (an Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt) | €6,004.30 |
| Her Outdoors | €10,336.61 |
| Oiliúint & Oideachas | €1,191.58 |
| Gníomhaíocht Choirp ar son na Sláinte | €6,410.56 |
| Éire Ildánach | €3,909.07 |
| Clár Soghluaisteachta d'Fheirmeoirí | €855.00 |
| **Iomlán** | **€361,192.14** |



# CAITEACHAS na gCUNTAS DÍOMHAOIN

| | |
|---|---|
| Mol Pobail NR | €18,966.02 |
| Tacaíocht Dheonach | €13,679.20 |
| Cuntais Dhíomhaoine | €35,908.25 |
| Ceannaireacht Spóirt | €1,849.98 |
| **Iomlán** | **€87,053.45** |

Áirítear in iarmhéid deiridh na bliana a luaitear thuas maoiniú suntasach deontais a fuarthas go déanach in 2024, ach atá le caitheamh agus le cur i ngníomh in 2025. Áirítear leis seo freisin maoiniú atá curtha i leataobh do thionscadail Spórt Éireann nach bhfuil curtha i bhfeidhm fós agus do líon teoranta cúlchistí atá i bhfeidhm chun leanúnachas seirbhísí a chinntiú. Tá polasaithe agus nósanna imeachta airgeadais Loch Garman Gníomhach Trí Spórt go hiomlán i gcomhréir le polasaithe agus nósanna imeachta Chomhairle Contae Loch Garman.



**DEONTAIS A THUGTAR DO CHLUBANNA & GRÚPAÍ POBAIL**

Tacaíocht Deontais do Chlubanna & do Ghrúpaí Pobail

**€37,100**

# NA MEÁIN SHÓISIALTA AGUS CURSAÍ CUMARSÁIDE

| Na Meáin Shóisialta | |
|---|---|
| Facebook: Líon na bpostálacha in 2024 | 360 |
| Facebook: Líon na Leantóirí* | 6436 |
| X: Líon na bpostálacha in 2024 | 315 |
| X: Líon na Leantóirí* | 1779 |
| Instagram: Líon na bpostálacha in 2024 | 248 |
| Instagram: Líon na Leantóirí* | 1654 |

*Amhail an 31/12/2024

**NUACHTLITIR**

Cuirtear nuachtlitir dhigiteach i dtoll a chéile go míosúil.

**Cláraigh 582 duine**

leis an liosta seoltaí*



# DÁMHACHTAINÍ

**Roghnaíodh an Tionscadal** Nuálaíochta i gcomhpháirtíocht le Institiúid Walton (Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt) do Chomhdháil Eorpach ENOS san Iodáil, áit a ndearna Institiúid Walton ionadaíocht do Loch Garman Gníomhach Trí Spórt.

Bronnadh duais Náisiúnta na mBailte Digiteacha ar **an aip An Siúlóir** Dúlra sa chatagóir Pobail in 2024.

RANNPHÁIRTITHE

67,697

Daoine fásta, daoine óga, agus daoine faoi mhíchumas

Ba mhná iad 47% díobh seo.

# SAMPLAÍ DE CHLÁIR

Cláir Cuaillí Gníomhaí i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Leabharlainne Loch Garman, Botháin don Saol (Botháin na bhFear agus Bóthain na Mná), cláir tacaíochta gníomhaíochta coirp na bPobal Imeasctha, campaí Spraoi faoin nGrian do leanaí, cláir scoileanna -badmantan, cruicéad, liathróid láimhe, cláir do dhaoine faoi mhíchumas, páistí maratóin, campa rothaíochta do pháistí a bhfuil uathachas orthu, an Clár Láidir agus Cobhsaí, i gcomhpháirtíocht le FSS agus Comhaontas Aoisbhá, clár na gceannairí gníomhaíochta clóis súgartha, clár gníomhaíochta Éire Ildánach do chailíní sna déaga, coillte ar son na sláinte, clár uisce-bhunaithe do fheirmeoirí, lá spraoi teaghlaigh Ros Mhic Thriúin, gníomhachtóirí do dhaoine a bhfuil riochtaí néareolaíocha acu, an clár amhránaíochta Breathe Well, rang ciorcaid chairdiach, filleadh na gcailíní sna déaga ar an snámh, cairde bugaí, seisiúin rothair oiriúnaithe, buntreoir do leadóg phicile, boghdóireacht, rang ionchuimsitheach do pháistí chun rothaíocht a fhoghlaim, taidh tsí, aclaí os cionn 50 bliain, clár nirt agus cothromaíochta, gníomhaíochtaí eachtraíochta amuigh faoin aer.

# FEACHTAIS

Seachtain “Her Outdoors”, Seachtain Eorpach an Spóirt, Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh, Seachtain na mBan sa Spórt (Her Moves), Seachtain Mhórtais na dTaistealaithe, Seachtain Náisiúnta na Rothar,

LÍON na gCLÁR
805



# CÁS-STAIDÉAR:

# AN CLÁR LÁIDIR & COBHSAÍ



## Forbhreathnú

Bhí an clár saor in aisce seo, a mhair 20 seachtain, dírithe ar dhaoine fásta níos sine a bhí i mbaol titime nó ar baineadh titim dóibh cheana, agus reáchtáladh é ó mhí Dheireadh Fómhair 2023 go dtí mí Feabhra 2024 i gcomhar le WEXICOP (Cúram Comhtháite do Dhaoine Scothaosta Loch Garman).

## Aidhmeanna

- Titim a chosc agus baol titime a laghdú
- Feabhas a chur ar chothromaíocht agus soghluaisteacht na rannpháirtithe.
- Neart na rannpháirtithe a mhéadú
- Muinín agus nasc sóisialta na rannpháirtithe a fheabhsú.

## Cur i bhFeidhm

Bhí an clár Láidir agus Cobhsaí seo ina chlár 20 seachtain a thosaigh i mí Dheireadh Fómhair 2023. Bhí sé faoi stiúir fisiteiripeora ar feadh 6 seachtaine, agus do na 14 seachtaine eile bhí sé faoi stiúir ár dteagascóra Theresa Roche agus faoi stiúir an Oifigigh Gníomhaíochta Coirp ar son na Sláinte atá againn, is é sin Ben Hunt. Cuireadh gach rannpháirtí ar aghaidh chugainn trí WEXICOP. Socraíodh

## Aiseolas

*“Tá mé níos muiníní anois chun dul amach ag siúl níos faide agus aclaíocht a dhéanamh sa bhaile.”*

*"D'athraigh sé an bealach a dhéanaim aclaíocht, i mo chistin nó i mo sheomra suí."*

*"Chabhraigh an clár liom mo mhuinín a mhéadú." Bhain mé taitneamh as gach rang."*

na ranganna a reáchtáil uair sa tseachtain in Ionad Pobail na mBoth Fuar i Loch Garman mar go raibh sé suite go lárnach do na rannpháirtithe. Bhí 5 rannpháirtí ann (4 bean, fear amháin) agus bhí siad go léir os cionn 70 bliain d'aois.

## Torthaí

Tá comhpháirtíocht idirghníomhaireachta leanúnach againn le FSS. mar chuid den chlár gníomhaíochta coirp ar son na sláinte. Táimid ag leanúint de phleananna Láidir agus Cobhsaí a reáchtáil ar fud Co. Loch Garman agus ag treorú ár rannpháirtithe chuig deiseanna eile gníomhaíochta coirp atá ar fáil sa phobal. Tá sé ar intinn ag roinnt rannpháirtithe dul ar aghaidh agus páirt a ghlacadh i ranganna ióga cathaoireach agus chláraigh siad le nuachtlitir Loch Garman Gníomhach Trí Spórt. Mothaímid gur baineadh amach na haidhmeanna go léir mar gur tháinig feabhas ar mhuinín, neart, cothromaíocht agus soghluaisteacht na rannpháirtithe ar fad.

Ar an meán, mhéadaigh leibhéil gníomhaíochta fisiciúla féin-thuairiscithe faoi 58% tar éis an chláir.



CÁS-STAIDÉAR:

# CLÁR EACHTRAÍOCHTA BELLA AMUIGH FAOIN AER

## Forbhreathnú

Bhí an clár saor in aisce seo dírithe ar chailíní sna déaga i Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta. Cailíní nuathagtha sa tír ab ea iad agus, ar an drochuair, ní raibh siad in ann rochtain a fháil ar an scoil ag an am sin. Dá bhrí sin, bhí idirghabháil ag teastáil sa tréimhse eatramhach. Rinne Loch Garman Gníomhach Trí Spórt nasc le hÉire Ildánach (a mhaoinigh an clár), leis an Ionad Oideachais Lasmuigh de chuid BOO Phort Láirge agus Loch Garman i Síol Beagáin agus le Forbairt Áitiúil Loch Garman.

## Aidhmeanna

- Braistint cuimsithe agus úinéireachta ar an gclár a chothú
- Gníomhaíocht choirp a mhéadú
- Páirt a thabhairt do na cailíní i ngníomhaíochtaí amuigh faoin aer ina gceantar áitiúil agus iad a spreagadh chun leas a bhaint as na siúlóidí agus na cosáin áitiúla.
- Sóisialú idir na grúpaí IPA a chur chun cinn
- Cairdeas a chruthú
- An chruthaitheacht a Fheabhsú
- Feasacht a mhúscailt ar an bhfeachtas 'Ná Fág Aon Lorg'.
- Bhí "ceannaire" againn freisin a bhí páirteach sa chlár, a bhí ina cailín níos sine (19 mbliana d'aois). Tá sí tar éis dul tríd an gclár IPA agus ba eiseamláir mhaith í don ghrúpa ag dul ar aghaidh.



## Cur i bhFeidhm

Ar 4 Satharn, fuair 14 cailín deis taiscéalaíocht a dhéanamh ar Chnoc Charraig Bhrain, Sliabh Fhothart (ar áiteanna áitiúil do na cailíní iad araon) Trá Churrach Cló, Coill na bhFiach, agus Ionad Ealaíon Loch Garman, áit a ndeachaidh siad i dtaithí ar léamh léarscáileanna, aithint flóra/fauna agus ar an múnla 'ná fág aon lorg'. Ghlac siad páirt i gceardlann ceoil (fuaimeanna) agus ealaíne sna coillte. Chruthaigh siad léarscáileanna fuaime, agus chuige sin, bhí ar na cailíní iad féin a tharraingt i lár an leathanaigh, agus a bheith ag éisteacht ansin agus na fuaimeanna go léir a d'fhéadfaidís a chloisteáil mórthimpeall orthu a léiriú ar an leathanach.


Tá sé cruthaithe go gcabhraíonn léarscáiliú fuaime le daoine a chur ar a suaimhneas agus go dtagtar go leor éifeachtaí teiripeacha chun cinn leis. Ar deireadh, in Ionad Ealaíon Loch Garman, eagraíodh ceardlann eile ina ndearna na cailíní colláis bunaithe ar a dtaithí ar an gclár. Roghnaíodh Currach Cló mar nach raibh na cailíní riamh ar thrá roimhe sin. Roghnaíodh Ionad Ealaíon Loch Garman chun na cailíní a imeascadh i limistéar poiblí agus toisc go ligfeadh sé do na cailíní a bheith cruthaitheach ar a mbealach féin. Fógraíodh an clár go díreach leis na hionaid cóiríochta cosanta idirnáisiúnta agus chláraigh rannpháirtithe trí Fhorbairt Áitiúil Loch Garman gan aon chostas.

## Torthaí

Tá roinnt de na cailíní tar éis nascadh le Saotharlann Óige Ildánaí in Ionad Ealaíon Loch Garman. Chomh maith leis sin, tá na cailíní atá ina gcónaí in aice le Cnoc Charraig Bhrain tar éis an cosán a úsáid do shiúlóidí. Ach is é an ghné is tábhachtaí ná gur stiúir na cailíní an clár, sa chaoi gur shocraigh siad féin na gníomhaíochtaí a bhí siad ag iarraidh a dhéanamh.

Bhí an fhreagracht orthu freisin ainm grúpa a chruthú.





## Aiseolas

*"Thaitin gach rud faoin gclár liom"*

*"Bhain mé taitneamh as an mbia, na cailíní, lucht eagraithe an chláir, na tránna agus na madraí"*

*"Bhí grá agam don trá, agus thaitin sé liom cairde nua a dhéanamh agus ealaín a chruthú"*

*"Thaitin an trá go mór liom"*

*"Bhain mé an-sult as gach cuid den chlár. Fuaireamar deis na radharcanna áille ó bharr na sléibhte a fheiceáil."*

*"Bhain mé taitneamh as cairde nua a dhéanamh agus spraoi a bheith agam."*

*"Bhain mé pléisiúr as gach rud, go háirithe bualadh le cara nua, bhí na huirlisí ealaíne agus na gníomhaíochtaí iontach ar fad. Go raibh míle maith agat as gach rud. Bhí a lán gníomhaíochtaí ann ar bhain mé an oiread sin sult as agus bhí a lán daoine deasa ann ar bhuail mé leo le linn an chláir."*


MARATHONKIDS
IRELAND



LOCH GARMAN
GNÍOMHACH TRÍ SPÓIRT
SPORTS ACTIVE
WEXFORD
SPÓRT ÉIREANN